An Roinn Oideachais
Department of Education

# I dTreo Eispéiris Foghlama ar Ardchaighdeáin do Chách

## Soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna





Cigireacht na Roinne Oideachais
www.gov.ie/ROCigireacht

# Clár ábhair


**Brollach**

**1. Réamhrá 1**

1.1 Comhthéacs 1

1.2 Contanam tacaíochta 2

1.3 Próifíl na mbunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu 3

1.4 Próifíl na n-iarbhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu 4

**2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama 6**

2.1 Teagasc agus foghlaim i mbunscoileanna 6

2.2 Teagasc agus foghlaim in iar-bhunscoileanna 7

**3. Bainistíocht agus úsáid acmhainní 10**

3.1 Bainistíocht acmhainní i mbunscoileanna 10

3.2 Bainistíocht acmhainní in iar-bhunscoileanna 11

**4. Struchtúir chun tacú le cuimsiú agus le forbairt iomlánaíoch 13**

**5. Torthaí, conclúidí agus moltaí achoimre 14**


** Is íomhánna stoic ó Canva iad na grianghraif a úsáidtear ar chlúdach tosaigh na tuarascála*

# Brollach



Is cúis áthais dom *I dTreo Eispéiris Foghlama ar Ardchaighdeáin do Chách: Soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna* a chur i láthair thar ceann Chigireacht na Roinne Oideachais. Is cuid lárnach de dhearbhú cáilíochta an tsoláthair oideachais in Éirinn í an Chigireacht. Tá sí dírithe ar fheabhsú a chothú i bhfoghlaim agus i bhfolláine leanaí agus daoine óga agus ar spriocanna cothromais agus cuimsitheachta a chur chun cinn. Roinneann an Chigireacht torthaí ó chigireachtaí leis an gcóras oideachais chun tacú le spriocanna uileghabhálacha an oideachais, an chuimsithe agus an chothromais lena bhfuil oideachasóirí agus lucht déanta beartas in Éirinn ag dréim.

Cuireann an tuarascáil seo i láthair na torthaí ó chigireachtaí a rinneadh in 2023 ar an soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Rinneadh na cigireachtaí i seacht mbunscoil déag agus dhá iar-bhunscoil déag. Léirigh na cigireachtaí ócáidí ina raibh cleachtais éifeachtacha i go leor scoileanna, lena n-áirítear caidrimh dhearfacha idir leanaí agus daoine óga agus a múinteoirí, deiseanna maithe do leanaí agus do dhaoine óga oibriú le chéile agus a bheith gafa i bhfoghlaim ghníomhach, agus cuir chuige éifeachtacha scoile uile curtha i bhfeidhm go seasta.

Dhírigh na cigireachtaí aird freisin ar roinnt réimsí ar gá iad a fheabhsú. Mar shampla, cruthaíonn an chaoi ina ndéanann go leor de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu na ranganna tacaíochta do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thráthchlárú baol go mbeidh seachadadh na dtacaíochtaí dícheangailte. Caithfear úsáid níos fearr a bhaint as comhaid tacaíochta na ndaltaí chun láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais leanaí agus daoine óga a dhoiciméadú; agus, ar an iomlán, tá scóip ann chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as faisnéis i gcomhaid tacaíochta na ndaltaí nuair a bhíonn cláir oibre chuí saincheaptha á bpleanáil agus á soláthar do na leanaí agus na daoine óga seo.

Sa tuarascáil chigireachta téamach seo, éilítear freagairt chórais-uile chun tacú le scoileanna freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa timpeallacht is cuimsithí agus is féidir. Déantar roinnt moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na príomhréimsí atá le feabhsú mar a aithníodh sna cigireachtaí.

Is é aidhm na Cigireachta cabhrú le córas oideachais na hÉireann eispéiris foghlama ar ardchaighdeáin a sholáthar do gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Táthar go mór faoi chomaoin ag na múinteoirí, ceannairí scoile, leanaí agus daoine óga agus tuismitheoirí a roinn a dtuairimí agus a smaointe faoi obair a scoileanna le linn na gcigireachtaí seo. Is mór ar fad ag an gCigireacht na tuairimí agus an rannpháirtíocht seo agus táthar ag súil le feabhsuithe ar an soláthar scoile agus ar chleachtais chuimsitheacha oideachais do gach leanbh agus duine óg i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna príomhshrutha.

Yvonne Keating, Príomhchigire, Meán Fómhair 2024

# 1. Réamhrá

Sa tuarascáil seo cuirtear i láthair na torthaí ó naoi gcigireacht is fiche ar cháilíocht an tsoláthair oideachais do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha[1]. Sa chomhthéacs sin, dírítear aird ar leith freisin ar an gcaoi a gcuimsítear na leanaí agus na daoine óga seo ina scoileanna agus seomraí ranga.

Dhírigh na cigireachtaí, a rinneadh i seacht mbunscoil déag agus dhá iar-bhunscoil déag, ar cháilíocht an teagaisc, ar fhoghlaim leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ar bhainistíocht na scoile agus úsáid acmhainní chun tacú leo. Sna hiar-bhunscoileanna, scrúdaigh na cigirí freisin éifeachtacht na struchtúr chun cuimsiú agus forbairt iomlánaíoch na ndaoine óga a chothú.

## 1.1 Comhthéacs

Tá an Roinn Oideachais tiomanta d'oideachas ar ardchaighdeáin a sholáthar agus d'eispéiris foghlama gach linbh agus duine óig a fheabhsú.[2] Soláthraíonn sí raon leathan tacaíochtaí do gach scoil ionas gur féidir le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a lánacmhainneacht a bhaint amach sa timpeallacht is cuimsithí agus is féidir. Áirítear leis na hacmhainní seo acmhainní breise teagaisc agus rochtain ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus ar Theicneolaíocht Chúnta de réir riachtanais aitheanta na leanaí agus na ndaoine óga.

Éilíonn Céim, Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí, go soláthródh gach clár Oideachas Tosaigh Múinteoirí modúl ar oideachas cuimsitheach, mar cheann de na seacht bpríomhghné nach mór a chlúdach ar gach clár Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) clár foghlama gairmiúla múinteoirí leathan ar fáil freisin, lena n-áirítear seimineáir ar:

- measúnú agus pleanáil
- comhaid tacaíochta daltaí
- comhtheagasc / teagasc foirne[3]
- scoileanna ionchuimsitheacha a threorú.

[1] Seo líon iomlán na meastóireachtaí ar an soláthar do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a rinneadh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in 2023.

[2] An Roinn Oideachais - Ráiteas Straitéise 2023-2025

[3] Is éard atá i gceist le comhtheagasc nó teagasc foirne ná beirt mhúinteoirí nó níos mó a bheith ag obair le chéile chun gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil, a stiúradh agus a mheasúnú don ghrúpa céanna leanaí agus daoine óga. Tá cineálacha éagsúla comhtheagaisc ann (treoir agus tacaíocht, teagasc stáisiúin, teagasc comhthreomhar, teagasc malartach, obair foirne). Úsáideann an tuarascáil seo an téarma teagasc foirne chun tagairt d'aon chás ina raibh beirt mhúinteoirí nó níos mó ag obair le chéile leis an ngrúpa céanna leanaí agus daoine óga.


Soláthraíonn an CNOS cuairteanna tacaíochta freisin chun cabhrú le ceannairí scoile, múinteoirí oideachais speisialta, múinteoirí ranga/ábhair agus foirne scoile-uile eispéiris foghlama ar ardchaighdeáin a sholáthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuireann Oide, na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, raon clár foghlama gairmiúla do mhúinteoirí ar fáil atá dírithe ar thacú le múinteoirí riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaithint agus a sholáthar. Tá an raon iomlán cúrsaí, lena n-áirítear cúrsaí ar theagasc foirne, breith ar an léitheoireacht agus breith ar an matamaitic ar fáil anseo.


Cuireann an Roinn Oideachais seirbhísí síceolaíochta oideachais ar fáil do scoileanna freisin tríd an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO). Áirítear leis an tseirbhís seo rochtain ar raon acmhainní teagaisc agus measúnaithe chun tacú tuilleadh leis an soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

I gCiorcláin 0013/2017 agus 0014/2017 na Roinne Oideachais leagtar amach na hacmhainní teagaisc breise don oideachas speisialta a sholáthraítear do scoileanna chun tacú le cuimsiú gach linbh agus duine óg. Sna ciorcláin tá sé mar cheanglas ar scoileanna na hacmhainní breise a úsáid, go huile agus go hiomlán, chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## 1.2 Contanam tacaíochta




Tá Creat Contanam Tacaíochta na Roinne Oideachais deartha chun cabhrú le scoileanna riachtanais speisialta oideachais a aithint agus freagairt dóibh. Tá an Contanam Tacaíochta bunaithe ar mhúnla fadhbréitigh a chuireann ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú agus a anailísiú, mar aon le dul chun cinn leanaí agus daoine óga a phleanáil, a mhonatóireacht agus a athbhreithniú. Aithnítear ann go dtarlaíonn riachtanais speisialta oideachais ar chontanam, ó éadrom go níos suntasaí, agus ó neamhbhuan go buan, agus go bhféadfadh na riachtanais athrú le himeacht ama. Dá bharr sin, bíonn leibhéil éagsúla tacaíochta de dhíth ar leanaí agus ar dhaoine óga ag brath ar a gcuid riachtanas sainaitheanta.




Tá an Contanam deartha chun a chinntiú gur go hincriminteach a sholáthraíonn múinteoirí na tacaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga, ag bogadh ó idirghabhálacha rangbhunaithe a chuireann an múinteoir ranga nó an múinteoir ábhair ar fáil go tacaíochtaí níos aonair ag an leibhéal na *tacaíochta do roinnt*. Tá an leibhéal deiridh, *tacaíocht do bheagán*, ann chun freagairt do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil na riachtanais is suntasaí acu. Leagtar béim sa Chontanam ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh múinteoirí monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn leanaí agus daoine óga agus go bhforbródh siad pleananna tacaíochta spriocdhírithe. Treisítear ann freisin an gá atá le dlúth-chomhoibriú idir múinteoirí agus tuismitheoirí / caomhnóirí agus leanaí agus daoine óga chun láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais an dalta aonair a aithint agus chun spriocanna tosaíochta ábhartha agus gaolmhara a chomhaontú dóibh.

## 1.3 Próifíl na mbunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu

| Próifíl na seacht mbunscoil déag | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Suíomh** | **Buachaillí/Cailíní** | **Stádas DEIS** | **Rollú** | **Cineál** | **Líon ranganna speisialta** |
| 1 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 284 | Sainchreidmheach | 0 |
| 2 | Tuaithe | Comhoideachas | Ní hea | 222 | Sainchreidmheach | 2 |
| 3 | Tuaithe | Comhoideachas | Ní hea | 160 | Sainchreidmheach | 2 |
| 4 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 409 | Ilchreidmheach | 1 |
| 5 | Tuaithe | Comhoideachas | Sea | 337 | Sainchreidmheach | 0 |
| 6 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 90 | Sainchreidmheach | 0 |
| 7 | Uirbeach | Cailíní | Sea | 231 | Sainchreidmheach | 0 |
| 8 | Tuaithe | Comhoideachas | Ní hea | 100 | Sainchreidmheach | 1 |
| 9 | Uirbeach | Comhoideachas | Sea | 246 | Sainchreidmheach | 1 |
| 10 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 153 | Sainchreidmheach | 0 |
| 11 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 320 | Sainchreidmheach | 0 |
| 12 | Tuaithe | Comhoideachas | Sea | 58 | Sainchreidmheach | 0 |
| 13 | Tuaithe | Comhoideachas | Ní hea | 375 | Sainchreidmheach | 1 |
| 14 | Tuaithe | Comhoideachas | Ní hea | 109 | Sainchreidmheach | 0 |
| 15 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 409 | Ilchreidmheach | 2 |
| 16 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 576 | Sainchreidmheach | 2 |
| 17 | Tuaithe | Comhoideachas | Ní hea | 193 | Sainchreidmheach | 2 |

**Tábla 1.1 Próifíl na seacht mbunscoil déag**

Bhí na rolluithe sna seacht mbunscoil déag sa raon idir caoga a hocht leanbh agus cúig chéad seachtó a sé leanbh. Ba scoileanna comhoideachais iad sé cinn déag de na scoileanna agus ba scoil do chailíní amháin a bhí i scoil amháin. Bhí cúig scoil déag faoi phátrúnacht reiligiúnach agus scoileanna ilchreidmheacha a bhí sa dá scoil eile. Bhí ceithre cinn de na scoileanna sa chlár DEIS[4]. Bhí ocht gcinn de na scoileanna i gceantair thuaithe agus naoi gcinn i gceantair uirbeacha. Bhí gach ceann de na seacht scoil déag ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla. Bhí ceithre rang déag speisialta sna scoileanna, agus bhí trí cinn déag acu sin do leanaí le huathachas.[5] Rang Luath-Idirghabhála do leanaí le huathachas a bhí i gceann de na trí rang déag seo.[6] Rang speisialta do leanaí a raibh sain-neamhord urlabhra agus teanga orthu (SNUT) a bhí sa rang speisialta eile.

## 1.4 Próifíl na n-iarbhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu

| Próifíl an dá iar-bhunscoil déag | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Suíomh** | **Buachaillí/Cailíní** | **Stádas DEIS** | **Rollú** | **Cineál** | **Líon ranganna speisialta** |
| 1 | Uirbeach | Cailíní | Ní hea | 857 | Deonach | 0 |
| 2 | Rural | Comhoideachas | Sea | 415 | BOO | 0 |
| 3 | Uirbeach | Comhoideachas | Sea | 209 | BOO | 0 |
| 4 | Uirbeach | Comhoideachas | Sea | 187 | Deonach | 1 |
| 5 | Uirbeach | Cailíní | Ní hea | 663 | Deonach | 0 |
| 6 | Uirbeach | Cailíní | Sea | 492 | Deonach | 0 |
| 7 | Uirbeach | Buachaillí | Ní hea | 743 | Deonach | 0 |
| 8 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 720 | Deonach | 0 |
| 9 | Uirbeach | Buachaillí | Ní hea | 429 | Deonach | 2 |
| 10 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 731 | BOO | 1 |
| 11 | Uirbeach | Comhoideachas | Sea | 460 | BOO | 0 |
| 12 | Uirbeach | Comhoideachas | Ní hea | 1221 | BOO | 3 |

**Tábla 1.2 Próifíl an dá iar-bhunscoil déag**

---

[4] Cuireann Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna acmhainní breise ar fáil do scoileanna aitheanta chun cabhrú tuilleadh leo bacainní a laghdú atá ar leanaí agus daoine óga a n-acmhainneacht a bhaint amach.
[5] Is éard atá i ranganna speisialta ná ranganna atá lonnaithe i scoileanna príomhshrutha. Tá siad deartha chun timpeallacht thacúil foghlama a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam i rang príomhshrutha, fiú le tacaíocht, ar feadh an chuid is mó nó iomlán dá lá scoile. Tá siad mar chuid de chontanam soláthair oideachais a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos casta acu oideachas a fháil, i ngrúpaí ranga níos lú, laistigh dá scoileanna príomhshrutha áitiúla. Freastalaíonn beagnach gach rang speisialta ar leanaí agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu; freastalaíonn líon beag ar leanaí a bhfuil lagú éisteachta orthu, ar leanaí a bhfuil míchumais ghinearálta éadroma foghlama orthu nó ar leanaí le hil-mhíchumais. Tá liosta iomlán na ranganna speisialta ar fáil anseo.
[6] Glactar leis sa tuarascáil go bhfuil dearcthaí éagsúla ann maidir le téarmaíocht agus cur síos á dhéanamh ar uathachas. Úsáideann roinnt daoine an chéad teanga (leanbh le huathachas) toisc go n-aithníonn sé seo gur féidir le cur i láthair an uathachais a bheith éagsúil ó dhuine go duine. Tagraíonn daoine eile do leanaí uathacha mar go gcuimsíonn sé seo difríocht néareolaíoch an duine. Baineann an tuarascáil seo úsáid as teanga an duine agus í ag léiriú aois agus céim forbartha leanaí i ranganna luath-idirghabhála.

Bhí aon cheann déag den dá iar-bhunscoil déag i gceantair uirbeacha. Bhí na rolluithe sa raon idir céad ochtó a seacht agus os cionn míle dhá chéad agus fiche scoláire. Ba scoileanna comhoideachais iad seacht scoil, ba scoil do chailíní amháin iad trí scoil, ba scoileanna do bhuachaillí amháin a bhí sa dá cheann eile. Bhí cúig cinn de na scoileanna sa chlár DEIS. Bhí cúig scoil faoi phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus ba mheánscoileanna deonacha iad na seacht gcinn eile, ceann acu ina raibh táillí á ngearradh. Bhí seacht rang speisialta do dhaoine óga a bhfuil uathachas orthu i measc na seacht scoil déag ar tugadh cuairt orthu. I scoil amháin bhí dhá rang speisialta agus i scoil eile bhí trí rang speisialta agus pleananna ann chun an ceathrú rang a bhunú. Bhí gach ceann den dá scoil déag ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla.

# 2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

## 2.1 Teagasc agus foghlaim i mbunscoileanna

Bhí cáilíocht iomlán an teagaisc agus na foghlama do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go maith i dhá cheann déag de na seacht mbunscoil déag a ndearnadh cigireacht orthu agus an-mhaith i dtrí cinn de na scoileanna. I dhá scoil ba léir easnaimh shuntasacha sa teagasc agus san fhoghlaim araon do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

### Láidreachtaí

I scoileanna ina raibh an teagasc agus an fhoghlaim go maith, bhí an timpeallacht foghlama tacúil agus spreagúil agus bhí caidreamh dearfach idir na leanaí agus a múinteoirí. Bhain múinteoirí úsáid as cuir chuige teagaisc cuí agus bhí na leanaí gafa i ngníomhaíochtaí foghlama dea-phleanáilte go haonair agus i gcomhar le chéile. Chuir na múinteoirí deiseanna ar fáil do na leanaí foghlaim trí shúgradh, acmhainní cuí a úsáid, agus a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar chásanna sa bhfíorshaol.

Áit a raibh an teagasc agus an fhoghlaim go han-mhaith, bhí ar chumas na leanaí a láidreachtaí agus a n-éachtaí mar fhoghlaimeoirí, mar aon leis na réimsí inar mheas siad go raibh cabhair ag teastáil uathu, a phlé. Sna scoileanna seo, ba léir freisin go raibh dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh ag na leanaí ina gcuid foghlama, go háirithe an chaoi a ndearna siad cumarsáid agus an chaoi a raibh forbairt ag teacht ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta.

Áit a raibh an teagasc agus an fhoghlaim go han-mhaith, bhí ar chumas na leanaí a láidreachtaí agus a n-éachtaí mar fhoghlaimeoirí, mar aon leis na réimsí inar mheas siad go raibh cabhair ag teastáil uathu, a phlé.

### Réimsí atá le feabhsú

I go leor de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu bhí roinnt de na múinteoirí oideachais speisialta in úsáid do theagasc foirne i ranganna príomhshrutha. Is éard atá i gceist leis seo ná beirt mhúinteoirí a bheith ag obair le chéile i rang agus is féidir leis seo a bheith an-éifeachtach chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu foghlaim lena bpiaraí. I roinnt bunscoileanna, áfach, ní raibh an teagasc foirne sách dírithe ar fhreastal ar riachtanais na leanaí sa rang a raibh riachtanais speisialta oideachais acu. Sna scoileanna sin, ba ghá do na múinteoirí a bhí i gceist i dteagasc foirne a phleanáil ar bhealach a bhí dírithe níos follasaí ar fhreastal ar riachtanais aonair na leanaí.

I gcúpla scoil, ní raibh na tuismitheoirí sách gafa ag an scoil i bhforbairt phlean tacaíochta dalta a linbh agus ní bhfuair siad cóip de phlean a linbh. I líon beag scoileanna, níor léir go

raibh cur chuige scoile uile i leith fhorbairt na litearthachta feidhme ar fáil do leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu.

### Cáilíocht an mheasúnaithe

Bhí cleachtais mheasúnaithe éifeachtacha i bhfeidhm ag sé cinn de na seacht mbunscoil déag. Sna scoileanna sin, rinneadh measúnú ar leanaí ag baint úsáide as raon leathan straitéisí lena n-áirítear trialacha diagnóiseacha, taifid reatha, tástálacha diagnóiseacha agus logaí féinmheasúnaithe. Rinne múinteoirí anailís chúramach ar shonraí measúnaithe agus d'úsáid siad iad chun spriocanna a bhunú agus chun cláir foghlama a phleanáil do na leanaí. Bhí cuir chuige scoile uile i bhfeidhm ag ceannairí na scoileanna sin agus chuir na múinteoirí na cuir chuige seo i bhfeidhm go seasta i suíomhanna príomhshrutha agus tacaíochta.

Sna scoileanna ina raibh cleachtais measúnaithe an-éifeachtach, bhí na leanaí in ann straitéisí féinmheasúnaithe a úsáid. Thacaigh sé seo lena n-úinéireacht ar a gcuid foghlama agus ba chosúil go raibh na leanaí muiníneach agus iad ag iarraidh cúnaimh ar an múinteoir nuair a bhí gá acu leis.

Ba léir go raibh gá na cleachtais mheasúnaithe a fheabhsú in aon cheann déag de na bunscoileanna. Laige choitianta sna scoileanna sin ná nár úsáideadh sonraí measúnaithe mar bhonn eolais do spriocanna foghlama na leanaí agus, mar thoradh air sin, bhí na spriocanna a leagadh síos do na leanaí róghinearálta agus róleathan, nó ní raibh siad dúshlánach mar ba chuí. Dá bharr sin, ní raibh múinteoirí in ann monatóireacht a dhéanamh i gcónaí ar dhul chun cinn na leanaí i dtreo a gcuid spriocanna foghlama a bhaint amach.

Réimse gaolmhar ar ghá é a fheabhsú freisin ná monatóireacht níos cúramaí ag múinteoirí ar fhreagairtí leanaí ar na hidirghabhálacha éagsúla a fuair siad i suíomhanna tacaíochta agus a gcur chuige teagaisc a leasú mar fhreagairt ar dhul chun cinn na leanaí.

### Teagasc agus foghlaim i ranganna speisialta i mbunscoileanna

Bhí ranganna speisialta i naoi gcinn de na seacht mbunscoil déag. Bhí fianaise ar theagasc éifeachtach agus ar dhul chun cinn maith san fhoghlaim i go leor de na ranganna sin. Bhí dul chun cinn á dhéanamh ag na leanaí ina gcuid foghlama thar churaclam leathan agus i roinnt scileanna saoil, ar nós cúram pearsanta. Bhí roinnt samplaí maithe freisin de chuimsiú rathúil leanaí an ranga speisialta i ranganna príomhshrutha do raon réimsí curaclaim.

I roinnt scoileanna, áfach, níorbh iad na gníomhaíochtaí agus na réimsí curaclaim ar tugadh tosaíocht dóibh don chuimsiú na cinn ab fhearr a d'oir do spéiseanna, láidreachtaí nó riachtanais leanaí aonair. I roinnt ranganna speisialta, níor shocraigh na múinteoirí spriocanna sainiúla agus intomhaiste, bunaithe ar riachtanais tosaíochta foghlama na leanaí, chun na gníomhaíochtaí foghlama a threorú.

## 2.2 Teagasc agus foghlaim in iar-bhunscoileanna

### Láidreachtaí

I go leor de na hiar-bhunscoileanna, bhí caidrimh an-dearfach idir na daoine óga agus a múinteoirí agus idir na daoine óga agus a bpiaraí.

I scoileanna ina raibh an teagasc agus an fhoghlaim éifeachtach, d'úsáid na múinteoirí cuir chuige teagaisc cuí agus sholáthraigh siad deiseanna dea-dheartha do na daoine óga le bheith gníomhach ina gcuid foghlama agus ag obair le chéile. Ina leithéid de scoileanna, bhí samplaí freisin de mhúinteoirí ag baint úsáide as straitéisí measúnaithe chun foghlama cuí le linn ceachtanna. I measc na straitéisí bhí múinteoirí ag baint úsáide as raon ceisteanna ardoird agus ísealoird a chuir ar chumas na ndaoine óga a bheith gafa le féinmheasúnú agus piarmheasúnú, agus bhí aiseolas cuiditheach á sholáthar dóibh ar a gcuid oibre, ag léiriú dóibh an chaoi le feabhsú. D'úsáid go leor múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha foghlama go héifeachtach chun tacú le foghlaim daoine óga.

I scoileanna ina raibh an teagasc agus an fhoghlaim éifeachtach, d'úsáid na múinteoirí cuir chuige teagaisc cuí agus sholáthraigh siad deiseanna dea-dheartha do na daoine óga le bheith gníomhach ina gcuid foghlama agus le bheith ag obair le chéile.

## Réimsí feabhsúcháin

Léiríonn anailís ar thorthaí na gcigireachtaí sa dá iar-bhunscoil déag a ndearnadh cigireacht orthu nach raibh cáilíocht an teagaisc i go leor de na suíomhanna tacaíochta sách éifeachtach. I go leor de na scoileanna, ní raibh ábhar an cheachta agus gníomhaíochtaí foghlama sna suíomhanna tacaíochta sách ailínithe le riachtanais na ndaoine óga. In aon cheann déag den dá iar-bhunscoil déag a ndearnadh cigireacht orthu, ní raibh córais leordhóthanacha i bhfeidhm chun láidreachtaí agus riachtanais na ndaoine óga a shainaithint nó chun spriocanna cuí a leagan síos chun freastal ar na riachtanais sin. Ina theannta sin, sna scoileanna sin, ní raibh na daoine óga ná a dtuismitheoirí gafa go leor ag an scoil sa phróiseas a bhain le láidreachtaí agus riachtanais a aithint.




Is é plean tacaíochta an dalta an bealach a mholtar do scoileanna chun spéiseanna, láidreachtaí, riachtanais agus dul chun cinn duine óig a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige a thaifeadadh de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd a gcuid scolaíochta. Tá sé deartha go sonrach chun an t-eolas ar fad atá ag scoil ar dhuine óg a choimeád ar bhealach inrochtana. I ndeich gcinn den dá iar-bhunscoil déag ní raibh caighdeán sásúil bainte amach i bpleananna tacaíochta na ndaltaí. Bhí sé mar locht ar na pleananna go raibh siad ró-leathan, nó doiléir nó nach raibh siad ailínithe le riachtanais aitheanta. Mar thoradh air sin, ní rabhthas ag baint amach luach féideartha phlean tacaíochta an dalta mar bhonn eolais don teagasc agus chun tacú leis an bhfoghlaim.

Rinneadh meastóireacht ar theagasc foirne i ndeich gcinn de na hiar-bhunscoileanna. Ba léir do na cigirí roinnt easnaimh shuntasacha sa chaoi a ndearnadh teagasc foirne a éascú sna scoileanna sin. Mar shampla, ní raibh fianaise ann go raibh múinteoirí ag pleanáil le chéile don chaoi a dtacódh an teagasc foirne le riachtanais na ndaoine óga sa rang a raibh riachtanais speisialta oideachais acu. I go leor scoileanna, bhí roinnt múinteoirí éagsúla ar

an tráthchlár do theagasc foirne leis na rang-ghrúpaí céanna i rith na seachtaine; bhí soláthar dícheangailte ag eascairt uaidh seo do na daoine óga.

Léiríodh sna cigireachtaí, ar an iomlán, go raibh laigí i gcleachtais mheasúnaithe ar fud sampla na n-iar-bhunscoileanna. Easnamh coitianta a bhí ann ná nach raibh na múinteoirí ag déanamh dóthain anailíse ar shonraí measúnaithe agus, mar thoradh air sin, bhí naisc laga idir na sonraí measúnaithe, na spriocanna foghlama a leagadh síos do na daoine óga agus na hidirghabhálacha a soláthraíodh dóibh.

### Teagasc agus foghlaim i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna

Bhí ranganna speisialta do dhaoine óga le huathachas i gceithre cinn den dá scoil déag. Bhí na ceachtanna i bhformhór na ranganna sin dea-struchtúrtha agus d'úsáid na múinteoirí modheolaíochtaí a bhain go sonrach le huathachas agus cuir chuige gníomhacha i leith na foghlama. Bhí na cineálacha cur chuige seo ailínithe go héifeachtach le riachtanais chéadfacha na ndaoine óga. I gcuid de na ranganna, áfach, ní raibh na gníomhaíochtaí foghlama sách dúshlánach i gcónaí.

Sa dá scoil ina raibh níos mó ná rang speisialta amháin, bhí easpa comhsheasmhachta idir na ranganna speisialta sa chaoi a d'úsáid na múinteoirí cuir chuige a bhain go sonrach le huathachas, sceidil amhairc, agus tacaíochtaí cumarsáide agus neamhspleáchais. Mhol na cigirí do na scoileanna sin cuir chuige scoile uile a cheapadh i leith an teagaisc do dhaoine óga a bhfuil uathachas orthu agus iad a chur i bhfeidhm go seasta sna ranganna go léir.

# 3. Bainistíocht agus úsáid acmhainní

## 3.1 Bainistíocht acmhainní i mbunscoileanna

Bhí bainistíocht agus úsáid acmhainní chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go han-mhaith i seacht gcinn de na seacht mbunscoil déag. Bhí sé go maith i gcúig cinn de na scoileanna agus bhí feabhsú ag teastáil sna cúig scoil eile.

### Láidreachtaí

Sna bunscoileanna ina raibh bainistíocht agus úsáid acmhainní sármhaith, bhí cur chuige éifeachtach scoile uile i bhfeidhm ag ceannairí scoile chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chiallaigh sé seo go raibh nósanna imeachta comhaontaithe acu chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Go suntasach, léirigh na nósanna imeachta sin samhail an Chontanam Tacaíochta agus bhí siad á gcur i bhfeidhm go seasta ag na múinteoirí ranga príomhshrutha agus tacaíochta araon.

Rinne ceannairí scoile sna scoileanna seo múinteoirí oideachais speisialta a dháileadh ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, chuir múinteoirí na tacaíochtaí ar fáil do leanaí laistigh den rang príomhshrutha mar aon le teagasc i ngrúpaí beaga agus teagasc aonair. Go ríthábhachtach, bhí cineál na tacaíochta a cuireadh ar fáil bunaithe ar riachtanais aitheanta na leanaí. Léirigh múinteoirí sna scoileanna seo tiomantas freisin don fhoghlaim ghairmiúil trí bheith gafa le cúrsaí éagsúla a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais. Bhí riar na dtrialacha measúnaithe agus eagrú na dtráthchlár don oideachais speisialta éifeachtach agus diongbháilte.

I scoileanna ina raibh an cleachtas sármhaith, rinne ceannairí scoile na múinteoirí oideachais speisialta a dháileadh ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, chuir múinteoirí na tacaíochtaí ar fáil do leanaí laistigh den rang príomhshrutha mar aon le teagasc i ngrúpaí beaga agus teagasc aonair.

### Réimsí feabhsúcháin

Sna cúig bhunscoil inar ghá bainistíocht agus úsáid acmhainní a fheabhsú, ní raibh an Contanam Tacaíochta á úsáid go héifeachtach ag múinteoirí chun riachtanais na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint ná mar bhonn eolais do na hidirghabhálacha a chuir siad ar fáil dóibh.

Bhí roinnt múinteoirí oideachais speisialta sna scoileanna seo ag múineadh gnéithe suntasacha de churaclaim na matamaitice agus an Bhéarla do

I scoileanna ina raibh gá an cleachtas a fheabhsú, bhí roinnt múinteoirí oideachais speisialta ag múineadh gnéithe suntasacha de churaclaim na matamaitice agus an Bhéarla do ranganna príomhshrutha. Bhí tionchar diúltach ag dáileadh na múinteoirí oideachais speisialta ar an mbealach seo ar an tacaíocht a bhí ar fáil do leanaí a bhfuil na riachtanais is mó acu sna scoileanna seo.

ranganna príomhshrutha. Bhí tionchar diúltach ag dáileadh na múinteoirí oideachais speisialta ar an mbealach seo ar an tacaíocht a bhí ar fáil do leanaí a bhfuil na riachtanais is mó acu sna scoileanna seo. I scoileanna eile, ag amanna ar leith den bhliain laghdaíodh go suntasach an t-am teagaisc do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Mar shampla, chaith roinnt múinteoirí oideachais speisialta tréimhsí substaintiúla ag eagrú tráthchlár an oideachais speisialta agus ag riar trialacha measúnaithe le linn na dtréimhsí sin.

I líon beag de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu, ní raibh dóthain deiseanna ag múinteoirí oibriú le chéile chun pleanáil do ghníomhaíochtaí foghlama agus chun cumas na múinteoirí go léir a fhorbairt chun freastal ar riachtanais leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

I mbeagnach gach bunscoil a ndearnadh cigireacht orthu, thug cigirí faoi deara na hionchuir dhearfacha a rinne cúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) chun tacú le riachtanais chúraim leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## 3.2 Bainistíocht acmhainní in iar-bhunscoileanna

I naoi gcinn den dá iar-bhunscoil déag a ndearnadh cigireacht orthu ní raibh bainistíocht agus úsáid acmhainní chun tacú le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag caighdeán sásúil. Ba léir cleachtas dearfach ina leith seo sna trí scoil eile.

### Láidreachtaí

Sna scoileanna ina raibh bainistíocht agus úsáid na n-acmhainní éifeachtach, bhí grúpa lárnach múinteoirí oideachais speisialta agus múinteoir comhordaithe bunaithe ag na ceannairí scoile chun an phleanáil agus an teagasc do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a threorú. Bhí go leor múinteoirí sna scoileanna seo tar éis páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama gairmiúla éagsúla a bhain le riachtanais speisialta oideachais. Bhí roinnt múinteoirí ag obair go tairbheach freisin le gairmithe seachtracha ábhartha, mar shampla, teiripeoirí urlabhra agus teanga, chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha na ndaoine óga.

I scoileanna ina raibh an cleachtas éifeachtach, bhí go leor múinteoirí tar éis páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama gairmiúla éagsúla a bhain le riachtanais speisialta oideachais.

Bhí dhá cheann de na scoileanna seo páirteach sa chlár Tacaíocht Teiripe Inscoile Leanúnach[7] ag am a gcigireachta. Thacaigh an comhoibriú idir múinteoirí, agus na foirne ildisciplíneacha atá gafa leis an tionscadal seo, go héifeachtach le cleachtas na múinteoirí.

[7] Is tionscadal píolótach é an clár Tacaíocht Teiripe Inscoile Leanúnach, arna bhainistiú ag an CNOS, atá deartha chun timpeallachtaí cuimsitheacha scoile a chur chun cinn agus chun cumas pobail scoile a thógáil d'fhonn freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga.

## Réimsí feabhsúcháin

Bhain ocht gcinn de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu úsáid as a n-acmhainní teagaisc don oideachas speisialta chun grúpaí ranga príomhshrutha agus grúpaí ábhar níos lú a chruthú nó chun bloic bhreise roghanna ábhar a sholáthar sa tsraith shinsearach. Cé gur tháinig laghdú ar chóimheasa scoláirí-múinteora mar thoradh ar an gcur chuige seo agus gur cuireadh roghanna ábhar breise ar fáil, ba léir go raibh tionchar diúltach aige ar cháilíocht an teagaisc do na daoine óga sin ag na leibhéil *tacaíocht do roinnt* agus *tacaíocht do bheagán*. Mar shampla, i scoil amháin fuair roinnt daoine óga ar an leibhéal *tacaíocht do bheagán* a dtacaíocht bhreise ó CRSanna. Is socrú míchuí é sin mar is é ról an CRS tacú le riachtanais chúraim na scoláirí, cabhrú le múinteoirí ranga agus múinteoirí oideachais speisialta agus a chinntiú go bhfuil ar chumas leanaí agus daoine óga a aithnítear do thacaíocht CRS oideachas a rochtain. Ba cheart do mhúinteoirí an teagasc ar fad, tacaíocht bhreise teagaisc san áireamh, a sholáthar[8].

I scoil eile, úsáideadh níos lú ná leath de na huaireanta teagaisc breise a bhí ar fáil chun tacaíocht bhreise a sholáthar do dhaoine óga. Sa chás seo, ní raibh fáil ag na daoine óga le riachtanais aitheanta ar raon iomlán an churaclaim agus rinneadh iad a aistarraingt ó cheachtanna folláine chun tacaíocht a fháil.

I ngach ceann den dá iar-bhunscoil déag, ba léir do chigirí easnaimh sa chaoi a ndéantar ceachtanna tacaíochta a bhainistiú agus a eagrú. Mar shampla, uaireanta bhí na rang-ghrúpaí tacaíochta rómhór agus ní raibh fócas soiléir acu, iad ag iarraidh freastal ar dhaoine óga a raibh tacaíocht de dhíth orthu i raon éagsúil réimsí lena n-áirítear Béarla mar theanga bhreise (BTB), forbairt shóisialta agus mhothúchánach, agus litearthacht agus scileanna uimhearthachta. Bhí roinnt scoileanna nach raibh ag baint úsáide as an gContanam Tacaíochta agus ní raibh leibhéal an riachtanais a bhí ag roinnt daoine óga ag teacht leis an leibhéal tacaíochta a cuireadh ar fáil dóibh. Bhain easnamh eile le hábhar na gceachtanna tacaíochta; i roinnt scoileanna, ba é speisialtóireacht ábhair an mhúinteora a chinn ábhar na gceachtanna tacaíochta agus ní raibh an t-ábhar ailínithe le riachtanais aitheanta na ndaoine óga. Saincheist shuntasach a ba léir i go leor de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu ná an líon múinteoirí a leithdháileadh chun tacaíocht a sholáthar do na daoine óga céanna nó don ghrúpa céanna de dhaoine óga. Go bunúsach, i go leor iar-bhunscoileanna, bhí go leor múinteoirí éagsúla ar an tráthchlár chun tacaíocht bhreise a sholáthar. Dá réir sin, bhí tacaíocht á fháil ag roinnt daoine óga ó go leor múinteoirí éagsúla; uaidh sin d’eascair neamh-chomhsheasmhacht sa soláthar.

I roinnt scoileanna inar aithníodh easnaimh, ba é speisialtóireacht ábhair an mhúinteora a chinn ábhar na gceachtanna tacaíochta agus ní raibh an t-ábhar ailínithe le riachtanais aitheanta na ndaoine óga.

[8] Féach Scéim um Chúntóir Riachtanais Speisialta (CRS) – Eolas do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (ncse.ie)

# 4. Struchtúir chun tacú le cuimsiú agus le forbairt iomlánaíoch

Bhí struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm ag formhór na n-iarbhunscoileanna chun tacú le cuimsiú daoine óga agus lena bhforbairt iomlánaíoch. Ní raibh ach dhá scoil nach raibh struchtúir shásúla acu chun tacú leis seo.

## Láidreachtaí

Nuair a bhí cuimsiú agus forbairt iomlánaíoch an-éifeachtach, bhí croífhoirne oideachais speisialta ag scoileanna a rinne an soláthar scoile uile do riachtanais speisialta oideachais a phleanáil agus a stiúradh. Bhí rochtain ag daoine óga a raibh riachtanais speisialta oideachais acu ar an gcuraclam iomlán agus ar na roghanna ábhar a bhí á dtairiscint ag na scoileanna. Áiríodh leis seo deiseanna chun taithí oibre a rochtain trí chlár na hIdirbhliana agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). I roinnt scoileanna, d'éascaigh múinteoirí rochtain ar thaithí oibre freisin do dhaoine óga a raibh riachtanais shuntasacha acu bunaithe ar a rogha bealach chun cinn tar éis an oideachais iar-bhunscoile.

I measc gnéithe eile den dea-chleachtas bhí pleanáil agus seachadadh cúramach clár ar nós Clár Foghlama Leibhéal a Dó (CFL2) na Sraithe Sóisearaí agus tacaíocht dhiongbháilte don chuimsiú a chuir CRSanna ar fáil.

## Réimsí feabhsúcháin

Sa dá scoil nach raibh na struchtúir chomh tacúil maidir le cuimsiú agus forbairt iomlánaíoch na ndaoine óga, bhí deiseanna teoranta ann do mhúinteoirí ábhair a bheith gafa le pleananna tacaíochta scoláirí. Ina theannta sin, ní raibh cláir churaclaim oiriúnacha i bhfeidhm do roinnt daoine óga. Mar shampla, i scoil amháin, ní raibh CFL2 a cuireadh ar fáil ailínithe le sonraíocht an chláir, le roinnt daoine óga ag críochnú na haonaid foghlama tosaíochta Uimhearthachta agus Cumarsáide agus Litearthachta amháin, seachas na cúig aonad tosaíochta foghlama. I scoil amháin, bhí CFL2 á dhéanamh ag na daoine óga go léir sa rang speisialta, cé gur ar éigean a chomhlíon aon duine acu critéir an spriocghrúpa. Ní raibh clár na hArdteistiméireachta Feidhmí ar fáil do na daoine óga i scoil amháin, in ainneoin go raibh an clár an-oiriúnach do na láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais ar leith a bhí acu.

I roinnt de na hiar-bhunscoileanna, ba ghá gnéithe de pholasaithe na scoile a fheabhsú. Go ríthábhachtach, i gceithre scoil, bhí clásail choinníollacha míchuí sna polasaithe iontrála. Mar shampla, i bpolasaí rollaithe do rang speisialta do dhaoine óga a bhfuil uathachas orthu dúradh '*go gcaithfí fianaise a sholáthar go bhfuil ar chumas an dalta lánpháirtiú agus nach mór d'fhoireann ildisciplíneach tacú leis seo*.' Níl critéar dá leithéid seo inúsáidte mar bhonn iontrála chuig rang speisialta agus níl sé ag teacht le sonrú an ranga speisialta. I gcás amháin, áiríodh lá scoile laghdaithe nó tráthchlár giorraithe go míchuí i bpolasaí na scoile mar bhealach chun freagairt d'iompraíochtaí a bhí ina n-ábhar imní.

# 5. Torthaí, conclúidí agus moltaí achoimre

## Torthaí achoimre

Léiríodh sna cigireachtaí ar an soláthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a rinneadh sna seacht mbunscoil déag agus sa dá iar-bhunscoil déag le linn 2023 go raibh cleachtais dhearfacha i roinnt mhaith de na scoileanna.

Mar shampla, ag an mbunleibhéal, bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc agus na foghlama do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go maith nó go han-mhaith i bhformhór na scoileanna. Sna bunscoileanna ina raibh ranganna speisialta, bhí fianaise i go leor ranganna ar theagasc maith agus ar dhul chun cinn maith i bhfoghlaim na leanaí.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, léiríodh go raibh an caidreamh idir na daoine óga agus a múinteoirí agus idir na daoine óga agus a bpiaraí an-dearfach i go leor de na scoileanna. Bhí struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm ag formhór na n-iar-bhunscoileanna chun tacú le cuimsiú daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus lena bhforbairt iomlánaíoch.

Leag na cigireachtaí béim freisin ar réimsí nach mór a fheabhsú chun a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh agus duine óg a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cibé i ranganna príomhshrutha nó i ranganna speisialta, oideachas ardchaighdeáin. Mar shampla, bhí scóip ann chun **cleachtais mheasúnaithe** a fheabhsú i mbeagnach dhá thrian de na bunscoileanna agus, ag an iar-bhunleibhéal i gcoitinne, bhí laigí sna cleachtais mheasúnaithe ar fud na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Ba í an phríomhghné maidir le measúnú ag an dá leibhéal ná nach raibh an éifeacht úsáide ba mhó á baint ag múinteoirí as sonraí measúnaithe mar bhonn eolais do na spriocanna foghlama a leagadh síos do na leanaí agus daoine óga.

Léiríonn torthaí na cigireachta an scóip atá ann chun **teagasc foirne** a fheabhsú i go leor de na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu; is é an príomhdhúshlán anseo ná a chinntiú go ndéantar pleanáil agus dearadh cúramach ar úsáid na múinteoireachta foirne in aon seomra ranga chun freastal ar riachtanais aitheanta na leanaí nó na ndaoine óga sa seomra ranga sin.

Tá an toradh seo ag teacht freisin le torthaí maidir le húsáid éifeachtach **faisnéise measúnaithe** agus an toradh, ar fud go leor de na hiar-bhunscoileanna, nach raibh lán-acmhainneacht an phlean tacaíochta daltaí mar bhonn eolais don teagasc agus chun tacú leis an bhfoghlaim á bhaint amach. Maidir leis seo, ar cheann de na heasnamh a aithníodh, bhí rannpháirtíocht theoranta na dtuismitheoirí agus na leanaí agus na ndaoine óga i bhforbairt pleananna tacaíochta daltaí.

Léiríonn na cigireachtaí gur gá do scoileanna na **hacmhainní** a fhaigheann siad chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu **a bhainistiú** ar bhealach níos éifeachtaí. Mar shampla, bhí nach mór an trian de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu nach raibh a n-acmhainní breise á mbainistiú go héifeachtach acu. Ceann de na nithe a bhí i gceist anseo ná go raibh úsáid á baint as múinteoirí oideachais speisialta chun Matamaitic nó Béarla a mhúineadh do ranganna príomhshrutha seachas tacú, mar a bhí beartaithe, leis na leanaí sin sa scoil a raibh an leibhéal is mó riachtanas acu.

Bhí bainistíocht agus úsáid acmhainní ina ábhar imní i líon suntasach de na hiar-bhunscoileanna freisin. Bhí go leor de na scoileanna sin ag baint úsáide as uaireanta teagaisc oideachais speisialta chun ranganna príomhshrutha níos lú a chruthú, nó chun bloic bhreise rogha-ábhar a chruthú sa tsraith shinsearach. Toradh thar a bheith suntasach i go leor de na hiar-bhunscoileanna ab ea an úsáid a baineadh as líon mór múinteoirí chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Go bunúsach, i go leor de na hiar-bhunscoileanna, bhí an iomarca múinteoirí éagsúla ar an tráthchlár chun tacaíocht bhreise a sholáthar; mar thoradh air seo d'eascair neamh-chomhsheasmhacht sa soláthar.

## Conclúidí agus moltaí

- Tá sé de fhreagracht ar gach scoil ar leith a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní teagaisc oideachais speisialta breise a leithdháiltear orthu chun tacú go huile agus go hiomlán le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Mar a shoiléirítear i gCiorcláin 0013/2017 agus 0014/2017, **ba chóir acmhainní a úsáid, *go huile agus go hiomlán*, chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.** Tá leithdháileadh acmhainní teagaisc breise ar scoileanna ina chomhpháirt thábhachtach chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeáin a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Tá gá le **freagairt córais-uile** chun tacú le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba cheart go mbeadh an SNSO, an CNOS, Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne, Oide, an Chigireacht, agus ionadaithe múinteoirí agus ceannairí scoile, leanaí agus daoine óga, agus a dtuismitheoirí mar chuid den fhreagairt seo.

- Ar leibhéal praiticiúil, tá gá le gníomh comhbheartaithe comhoibritheach chun **úsáid níos fearr chomhad tacaíochta daltaí a chur chun cinn** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Cuireann comhad tacaíochta daltaí ar chumas múinteoirí agus scoileanna:
    - taifid a dhoiciméadú agus a chothabháil thar thréimhse ama ar láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
    - sainspriocanna foghlama soiléire a thaifead do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
    - contanam tacaíochta a chinntiú do leanbh nó do dhuine óg agus iad ag bogadh tríd an scoil, má bhogann siad go scoil eile, agus nuair a aistríonn siad ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil

- Tá sé de fhreagracht ar gach múinteoir – múinteoirí ranga, múinteoirí ábhair, múinteoirí riachtanais speisialta oideachais – úsáid a bhaint as an gcomhad tacaíochta daltaí chun a chinntiú go gcuirtear eispéiris foghlama ábhartha, bhríocha

agus dhúshlánacha go cuí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Ceann de na comhthéacsanna ina mbíonn ábharthacht ar leith ag baint le comhaid thacaíochta daltaí ná teagasc foirne. Tá béim sa tuarascáil seo freisin **ar an gcaoi inar féidir úsáid an teagaisc foirne a fheabhsú**. Tá gá le tacaíocht córais-uile le cur ar chumas múinteoirí oideachais speisialta agus múinteoirí príomhshrutha nó múinteoirí ábhair a bhíonn gafa le múinteoireachta foirne:
  - a bheith soiléir faoin gcaoi a n-úsáidfear teagasc foirne chun freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga atá ar an gContanam Tacaíochta
  - córais shoiléire a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun ceachtanna a phleanáil go comhoibríoch agus chun éifeachtacht an chuir chuige teagaisc a athbhreithniú.

- Dhírigh an tuarascáil seo aird ar go leor **saincheisteanna a bhaineann le measúnú** sa sampla bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Ní saincheisteanna nua iad seo. Díríodh aird orthu i dtuarascálacha téamacha eile de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais.[9] Tá géarphráinn ag baint leo, áfach, i gcomhthéacs leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ní mór don mhúinteoir, agus é/í ag tabhairt faoi thacaíochtaí nó idirghabháil ar leith a sholáthar, tosú ó dhearcadh measúnú-bhunaithe; bíonn mórfhadhbanna ag baint le tús a chur le clár foghlama nó le hidirghabháil gan plean atá bunaithe ar eolas ó mheasúnuithe. Ní mór a chinntiú go bhfuil an leibhéal agus an cineál tacaíochta a fhaigheann leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ailínithe lena riachtanais aitheanta.

- Ní mór do gach scoil **polasaí measúnaithe scoile-uile** a bheith acu. Caithfear machnamh a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir leis na príomhpháirtithe sa chóras, lena n-áirítear An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Oide, an CNOS, an Roinn (lena n-áirítear an SNSO agus An Chigireacht), An Chomhairle Mhúinteoireachta, comhlachtaí bainistíochta, comhlachtaí tuismitheoirí agus daltaí agus eagraíochtaí ionadaíocha múinteoirí, **iarrachtaí a chéile a shruthlíniú agus a chomhdhlúthú chun tacú le scoileanna polasaithe measúnaithe scoile-uile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm** a fhreagraíonn do riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga atá ag freastal orthu.

- Mar atá luaite thuas, léiríonn na torthaí ó na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu go bhféadfadh an soláthar do dhaoine óga i suíomhanna tacaíochta a bheith dícheangailte mar thoradh ar an gcaoi a ndéantar seachadadh na dtacaíochtaí a eagrú. Chun **baol na neamh-chomhsheasmhachta** sa soláthar a

---

[9] A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí: Tuarascáil ilchodach ar thorthaí ó chigireachtaí ábhair le fócas ar an tSraith Shóisearach; Freastal ar Riachtanais Bhreise Teanga: Cur Chuige Scoile Uile agus Ranga i dtaca le Foghlaim Ionchuimsitheach Teangacha (BTB)

- mhaolú trí mhúinteoirí éagsúla a bheith ag soláthar tacaíochtaí do na daoine óga céanna nó do na grúpaí céanna daoine óga, ní mór **treoir a sholáthar do bhoird iar-bhunscoile, do cheannairí scoile agus do bhaill bhainistíochta scoile maidir le tráthchlárú** na dtacaíochtaí breise. Ba cheart go n-éascódh **tráthchlárú tacaíochtaí** soláthar comhsheasmhach, solúbtha agus freagrúil agus ba cheart go gcinnteodh an tráthchlárú go mbeadh rochtain ag na daoine óga a bhfuil an leibhéal is mó riachtanas acu ar an leibhéal is mó tacaíochta. Chuige sin, bheadh sé tairbheach croífhoireann de mhúinteoirí oideachais speisialta a bhunú chun freastal ar riachtanais daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.